



## **Seirbhís Tacaíochta Baile na nIonad Lae**

### **POST MAR: CÚNTÓIR TACAIOCHTA/CÚRAM PÁIRTAIMSEARTHA**

#### **Seirbhísí Thearmann Éanna - Ceantar Chonamara Theas**

**Cruthófar painéal de thoradh an phróisis seo agus as sin d'fhéadfaí ceapacháin pháirtaimseartha mar Chúntóir Tacaíochta/Cúram a dhéanamh don todhchaí i Seirbhísí Tacaíochta Baile Thearmann Éanna.**

#### **Láthair:**

Seirbhís phobalbhunaithe i ndeisceart Chonamara is ea Seirbhísí Thearmann Éanna. An fhís atá ag an tseirbhís ná tacaíocht a thabhairt do dhaoine atá ag dul in aois chun saol iomlán fiúntach a bheith acu ina bpobal. An fócas atá againn ná caidreamh / comhpháirtíocht a chruthú leis na daoine aonair ar fad agus lena muintir chun tacú leo maireachtáil go neamhspleách ina bpobal áitiúil agus gnáthshaol a bheith acu chomh fada agus a theastaíonn uathú. Is mian linn deiseanna a chruthú do dhaoine a bhaineann úsáid as ár seirbhísí chun ról fhiúntacha sóisialta a bheith acu ina bpobail agus deis a bheith acu cairdeas láidir a chruthú le daoine eile.

Is mian linn duine nuálach, cruthaitheach, físeach a earcú a bhainfidh sásamh as an deis chun an fhís seo a bhaint amach mar chuid d'fhoireann. Táimid ag lorg duine a bheidh solúbtha agus a rachaidh in oiriúint do riachtanais na ndaoine aonair a mbeidh sé/sí ag tacú leo, agus duine a bheidh sásta tabhairt faoi athruithe.

D'fhéadfadh an socrúchán foirne a bheidh laistigh i dtí cónaí an rannphairtí/d'ionad cúram lae nó i Seirbhísí pobail. Rachaidh an té a cheapfar i mbun oibre ar dtús i réimse sonrach amháin den tseirbhís, agus d'fhéadfadh an t-ionad oibre seo athrú de thoradh riachtanas na seirbhíse amach anseo.

#### **An Ról:**

Cuireann Cúntóirí Cúram ról lárnach oibre cúraim ar fáil do duine aonarach nó ghrúpa daoine. Tá dhá phríomheilimint sa ról sin. Ar an gcéad dul síos bíonn an Cúntóir Cúram freagrach as gach gné den chúram sóisialta agus den chúram pearsanta a mbíonn gá leis i rith an lae. Áirithe ansin tá béilí, sláinteachas/Cúram pearsanta agus gnéithe ábhartha eile den fholláine fisiciúil. Ar an dara dul síos, gné lárnach de ról an Chúntóra Cúram is ea cabhair agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair chun a bPlean a

fhorbairt agus chun na torthaí a bhaineann leis a bhaint amach. De bhreis air sin, gné chriticiúil den ról seo is ea tacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair ina rannpháirtíocht agus ina gcomhtháthú leis an bpobal.

Tuairisciú/freagrach do:

Ceann foirne / Comhordaitheoir TÉ, oibrí Naisc Phobail / Oibrí Cúram Sóisialta FSS / Comhordaitheoir Seirbhíse FSS / Bainisteoir TÉ.

Cáilíochtaí:

Ní mór oideachas maith ginearálta a bheith ar na hiarrathóirí. Buntáiste is ea cáilíocht chúí aitheanta a bhaineann le réimse daoine atá ag dul in aois le riachtanais bhreise mar shampla Néaltrú (Dementia)

Tá sé riachtanach go mbeadh Ceadúnas Tiomána iomlán agus glan (Rang B) ag an té a cheapfar.

Bunriachtanas den phost seo go mbeadh líofacht labhartha agus scríofa na Gaeilge ag an té a cheapfar.

Taithí:

Ní mór do na hiarrthóirí taithí 6 mhí ar a laghad a bheith acu mar aon le dóthain oiliúna le go mbeidh siad in ann dualgais an phoist a chomhlíonadh go sásúil agus tuiscint a bheith acu ar na riachtanais a bhíonn ag daoine réimse daoine atá ag dul in aois/Dementia agus riachtanais bhreise. Buntáiste don iarrthóir go mbeadh taithí aige/aici ar a bheith ag obair le daoine a bhfuil iompraíocht dhúshlánach acu.

**Scileanna:**

Ní mór do na hiarrthóirí na tréithe seo a léiriú:

- Scileanna eagraíochtúla agus pleanála den scoth, mar aon le cumas chun spriocanna a leagan síos, iad a chur i ngníomh agus iad a bhaint amach.
- A bheith in ann caidreamh éifeachtach a dhéanamh i scríbhinn agus ó bhéal
- Scileanna éisteachta den scoth a bheith acu
- Cruthaitheacht agus tionscnaíocht a bheith iontu
- A bheith nuálach agus féin-inspreagtha
- A bheith tiomanta don chleachtas reatha is fearr go hidirnáisiúnta agus comhoibriú i dtimpeallacht foirne idirdhisciplíneach ina bhfuil fealsúnacht duinelárnach.
- A bheith in ann breithiúnas maith a thabhairt, a bheith discréideach agus a bheith rúnda.
- Foighne agus féith an ghrinn a bheith iontu.
- Beifear ag súil go ndéanfaidh baill foirne líonrú le grúpaí pobail áitiúla agus go bhforbróidh siad naisc dhearfacha do na daoine aonair a bheidh ag úsáid na seirbhíse.
- Coinneáil suas chun dáta leis an gcleachtas reatha.

Tá an post seo páirtaimseartha seachtain go seachtain ach maoiniu a bheith ar fáil.

### **Promhadh:**

**Tá tréimhse phromhaidh dhá mhí ón dáta ceapacháin i gceist leis an bpost seo. Is féidir an fhostaíocht seo a scor ag aon am i rith na tréimhse promhaidh má mheasann an fostóir go bhfuil an duine atá ceaptha mí-oiriúnach chun leanacht den fhostaíocht. Beidh sé de chead ag an bhFostóir fad a chur leis an tréimhse phromhaidh.**

### **SAINCHUNTAS POIST**

Tá múnla seirbhísí Thearmann Éanna bunaithe ar Bhearta ó Thorthaí Pearsanta (*Personal Outcome Measures*) faoina gcaithfidh fostaithe a bheith solúbtha ina gcur chuige agus ina n-uaireanta oibre araon chun seirbhís den scoth a sholáthar do gach duine ar leith.

### Coinníollacha Sonracha

- Ní mór don fhoireann dearcadh dearfach a bheith acu i leith oibriú le daoine atá ag dul in aois agus cabhair a thabhairt chun a chinntiú go mbeidh a saol chomh normálta agus chomh taitneamhach agus is féidir.
- Ní mór don fhoireann deileáil le gach duine mar dhuine ar leith mar aon le haitheantas a thabhairt agus meas a léiriú ar chearta agus ar dhínt phearsanta an té atá ag dul in aois.
- Caithfidh na baill foirne gaolmhaireachtaí atá bunaithe ar mheas agus ar chothromaíocht, agus a chothóidh a gcuid neamhspleáchais, a chruthú agus a choinneáil leis an rannpháirtí.
- Caithfear cúnamh a thabhairt do dhaoine aonair i dtaca le gach gné dá gClár agus freisin san ullmhú ar thimpeallacht mhaith foghlama.
- Tinreamh, taifid agus tuairiscí na ndaoine aonair a choinneáil agus a chomhdú mar is cuí.
- Gníomhaíochtaí foghlama a phleanáil leis an bhFoireann agus cuidiú leis an measúnú ar dhul chun cinn na ndaoine aonair
- Cruthaitheacht a léiriú trí mheasúnú a dhéanamh ar uirlisí foghlama agus forbartha atá oiriúnach do gach duine aonair
- Páirt a ghlacadh i bpleanáil forbartha na Seirbhíse nuair is cuí, agus comhoibriú le haon athruithe a chuirfear ar bheartais agus ar chleachtais ón bpróiseas forbartha lárnach

### **Dualgais agus feidhmeanna príomha:**

- A bheith i do bhall gníomhach den fhoireann a bhfuil tú léi.
- A chinntiú go bhfuil cúram agus oiliúint gach duine aonair ar an gcaighdeán gairmiúil is airde trí úsáid a bhaint as Plean Torthaí Pearsanta Aonair agus as córas Oibrí Bunriachtanach. Caighdeáin a fhorbairt a bheidh de réir an Údaráis um Fhaisnéis agus Cáilíocht Sláinte agus freagracht a ghlacadh as feabhas a chur ar cháilíocht, sábháilteacht agus luach shláinte agus chúram sóisialta na ndaoine aonair.
- Comhoibriú le gach gné de na cláir leis na baill foirne agus leis an bhfoireann ildisciplíneach, agus cuidiú leis an tuairisciú ag cruinnithe aonair pleanála agus cleachtais eile dá leithéid.

- Cuidiú leis na cláir do ghrúpa ar leith de dhaoine aonair agus a chur i bhfeidhm agus cur nuair is cuí le hullmhú na gclár a bheidh deartha do riachtanais na ndaoine aonair.
- Cuidiú le daoine aonair chun cinntí eolasacha a dhéanamh agus chun a spriocanna agus a roghanna pearsanta a bhaint amach.
- Cinntiú go ndéanfar na háiseanna agus an trealamh aonair a bhíonn in úsáid ag na rannpháirtithe a choinneáil i gcaoi, i.e. cathaoireacha rothaí, áiseanna siúil, srl.
- Cuidiú leis na dualgais choimhdeachta iompair nuair is gá..
- Caidreamh maith oibre a chothú le teaghlaigh agus leis na daoine lárnacha atá bainteach leis na daoine aonair de réir mar is cuí.

Rúndacht; Rúndacht ghairmiúil a choinneáil i gcónaí. Go gcoimeádfaidh tú faoi rún aon eolas a bhaineann le do chuid oibre ar son an fhostóra nó le tograí agus gnónna atá gaolta le obair an chomhlachta.

- A bheith freagrach as ceannach na n-earraí i gcomhar leis an rannpháirtí agus as earraí eile, m.s. ábhair ghlantacháin agus níocháin.
- Taifid chuí a choinneáil le gur féidir tuairiscí iomlána faoi na daoine aonair a chur ar fáil don fhoireann ildisciplíneach Chomhordaitheoir an tSeirbhís agus don Cheannasaí Cúram Sóisialta /
- Rúndacht a chinntiú i dtaca le gach gné a bhaineann le daoine aonair, stóráil shábháilte ar thuairiscí agus ar thaifid san áireamh.
- A chinntiú go gcoinnítear caighdeán ard glaineachta agus maisiúcháin. Dualgais tí a chomhlíonadh agus a chinntiú go bhfuil an teach coinnithe ar ardchaighdeán glaineachta.
- A bheith feasach ar nósanna imeachta na druile dóiteáin agus a bheith eolach fúthu, i.e. brath dóiteáin, aslonnú agus comhrac dóiteáin.
- Dínit a chothú san ionad oibre agus meas a léiriú do dhaoine aonair, do chomhghleacaithe agus do pháirtithe leasmhara le linn dualgas.
- Tacaíocht agus cuidiú a thabhairt do dhaoine aonair i rannpháirtíocht pobail, i gcomhtháthú agus i bhforbairt a neamhspleáchas.
- Tacaíocht a thabhairt do dhaoine aonair i ngníomhaíochtaí fóillíochta agus sóisialta sna tráthnóntaí agus ag an deireadh seachtaine.
- A bheith sásta páirt a ghlacadh sna gníomhaíochtaí oiliúna agus fóillíochta ar fad, ar a n-áirítear cónaitheoirí a thabhairt ar thurais agus ar saoire de réir mar a shocraítear iad.
- Cuidiú le daoine aonair cinntí eolacha a dhéanamh.
- Tacú le daoine chun forbairt agus cothabháil a dhéanamh ar chairdis agus ar chaidrimh eile.
- Cuidiú le daoine aonair rochtain a fháil ar sheirbhísí poiblí ar nós seirbhísí leighis, iompar poiblí, agus mar sin de.
- Cuidiú le daoine aonair a spriocanna agus a roghanna pearsanta a bhaint amach i dtaca le fostaíocht, timpeallacht baile agus gníomhaíochtaí fóillíochta.
- Cuidiú le daoine i dtaca le cúram pearsanta agus dea-shláinte a choinneáil, cúram sláinte cuí a fháil agus sláinteachas maith pearsanta a choinneáil.

- Úsáid a bhaint as na deiseanna oiliúna agus forbartha go léir a fheabhsóidh an post seo.
- Taifid a choinneáil i dtaca le daoine aonair, airgeadas agus ceannachán de réir mar is gá.
- Aird a thabhairt ar chúinsí Sláinte & Sábháilteachta san ionad oibre agus, ach go háirithe, cloí le dualgais an fhostaí mar atá leagtha síos in Alt 9 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005.
- A chinntiú go ndéantar gach timpiste agus teagmhas a tharlaíonn do dhaoine aonair, do bhaill foirne agus do chuairoteoirí a thuairisciú agus a thaifead go pras leis an gCeannasaí Cúram Sóisialta / Comhordaitheoir Seirbhísí / Bainisteoir.
- Cloí le beartais agus le nósanna imeachta Thearmann Éanna i gcónaí.
- Aon dualgas eile atá cuí don phost a dhéanamh de réir mar a shocrófar iad ag an gCeannasaí Cúram Sóisialta / Comhordaitheoir Seirbhísí / Bainisteoir atá ar dualgas. Caithfear gach dualgas a dhéanamh go pearsanta i gcónaí.
- Os rud é go bhféadfadh athrú a theacht ar dhualgais agus ar fhreagrachtaí aon phoist sa tSeirbhís, ag brath ar riachtanais leanúnacha na ndaoine aonair, i.e. aois, leibhéal an riachtanais, Bearta ó Thorthaí Pearsanta, srl., beifear ag súil go mbeidh leibhéal ard solúbthachta ag an bhfoireann, agus go mbeidh siad toilteanach agus ábalta chuir chuige nua i leith a gcuid oibre a fhorbairt de réir mar a éilíonn riachtanais na ndaoine aonair.

Ní bheidh ról an tsealbhóra poist teoranta do na nithe atá sa sainchuntas poist seo. Beifear ag súil go dtiocfaidh an ról chun cinn de réir mar a thiocfaidh athrú ar an éileamh gairmiúil, struchtúrtha agus úsáideoirí seirbhísí, agus beifear ag súil go léireoidh an sealbhóir poist scileanna solúbthachta a chuideoidh leis sin.

***Fostóir comhionannais deise is ea Seirbhísí Thearmann Éanna Teo, An Tulaigh, Baile na hAbhann, Co na Gaillimhe***